# Nuacht Litir

## Nollaig 2020

### Fáilte!!



Fáilte roimh na gasúir nua i Naíonáin Bheaga: Colm, Niamh, Gearóid, Oisín Ó C, Kayla, Oísín Mac D, Ethan, Ian, Katie, Jack agus Caoimhe. Fáilte freisin roimh ár gcúntóir ranga nua, Máire Bríd.

### Péinteáil ar chúl na Scoile



Míle buíochas le Molly a rinne péinteáil ar na ballaí atá ar chúl na scoile. Is maith le na gasúir a bheith ag bhreathnú orthu agus cuireann siad cuma níos galánta ar an an scoil.





## Plandaí á gcur.

Phlandáil gasúir na scoile plandaí agus bleibíní sa ghairdín agus sa bpolaítholl án.








Tá muid ag súil go mór le na bláthanna a fheiceáil san earrach!

## Lá Cairdeas

Bhí lá cairdeas againn sa scoil nuair a bhí na gasúir an-deas le chéile (mar is gnáth!). Scríobh na meán ranganna agus na hardranganna litreacha chuig na seandaoine atá in Áras Mhic Dara ar an gCeathrú Rua. Fuair muid teachtaireacht ar ais ag rá go raibh said an-tógtha leo!



## Seachtain Eolaíochta

Bhí seachatin eolaíochta againn agus rinne na gasúir go leor rudaí éagsúla. Bhí rang Chiara ag déanamh turgnamh ar bhláthanna bánna, ag úsáid uisce daite chun a thaispeáint an chaoi a oibríonn xiléim an bhláth ar nós ardaitheoir chun an uisce a thabhairt suas an ghas go dtí na peitil.



Bhí na hardranganna ag obair in éineacht leis an gclár TechSpace. Rinne siad ar fad Róbat a bhí in ann

dathú i measc rudaí eile. Thaitin an lá sin go mór leo.





## Oíche Shamhna 2020



Thaitnin an t-am seo den bhliain go mór le na gasúir agus is breá leo a bheith ag gléasadh suas! Seo cuid de na pictiúir ón ócáid:


















## Joe Joe agus Corpoideachas

Cé go bhfuil gach rud difriúil i mbliana, tá na gasúir fós ag baint sult as a bheith taobh amuigh san aer. Is breá le na gasúir beaga ag spraoi sa ghairdín céadfach. Bíonn corpoideachas ag Rang N. Mhóra - Rang 2 le Mary Jennings agus bíonn Joe Joe ag na hardranganna faoi láthair. Beidh sé ag obair le na meánranganna tar éis na Nollag.





## Cóisir Breithlá



Bhí ceiliúradh againn sna seomraí ranga do na gasúir a bhí breithlá acu ó thús na bliana. Bhí cóisir bheag acu agus píosa spraoi. Thaitin sé go mór le na gasúir!
















## Méadhbh agus Rapunzel

Rinne Méadhbh (R4) éacht mór an mhí seo. Fuair sí bearradh gruaige agus dheonaigh don charthanacht Rapunzel. Comh maith leis sin bhailigh sí os cionn €200 ar mhaithe leis an Oispís na Leanaí na hÉireann, Laura Lynn!! Fair plé di!



## Drámaí na Nollag

Bhí Dráma na Nollag an-aisteach i mbliana ach d'éirigh le na múinteoirí an-iarracht a dhéanamh chun an Lá mór a cheiliúradh. Seo cuid de na pictiúir:







## Lá Geansaí Nollag 21/12/20

Rinne muid Lá Geansaí na Nollag i mbliana ar mhaithe le tuismitheoir i bpobal na scoile atá ag dul thríd am

thar a bheith dúshlánach faoi láthair. Guíonn muid gach rath agus biseach uirthi.Thug na gasúir isteach airgead don leathanach 'Go fund me, Danielle'. Is féidir gach eolas a fháil ar

[https://ie.gofundme.com/f/help-danielle-beat-cancer-and-bucket-list](https://ie.gofundme.com/f/help-danielle-beat-cancer-and-bucket-list)

Bhailigh na gasúir €358 inniu!!!!











***Ag guí Nollaig Shona oraibh ar fad!***



Athoscailt: 6/1/21